

A TRÁCHTAÍ GINEARÁLTA	3
1 Sainmhínithe	3
2 Cumarsáidí agus Tréimhsí Ama	4
3 Teanga na nImeachtaí	6
4 Socraíocht nó Forais Eile Foirceanta	7
5 Imeachtaí Cúirte	7
6 Táillí.....	7
B STIÚRADH NA nIMEACHTAÍ	9
1 An Gearán.....	9
2 Gearán a Fhógairt.....	11
3 An Fhreagairt.....	12
4 An Painéal a Cheapadh agus Uainiú an Chinnidh.....	14
5 Neamhchlaontacht agus Neamhspleáchas	14
6 An Comhad a Thraschur chuig an bPáirtí	15
7 Cumhachtaí Ginearálta an Phainéil	15
8 Ráitis Bhreise.....	15
9 Éisteachtaí i bPearsain.....	15
10 Mainneachtain	15
11 Bonn an Chinnidh.....	16
12 Cinnteoireacht agus Foirm Cinntí.....	17
13 Cinneadh a Chur in Iúl do Pháirtithe	18
14 Cinneadh a Chur i bhFeidhm.....	18
C FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA	19
1 Dlíteanas a Eisiamh.....	19
2 Leasuithe	19
3 Dáta Éifeachtach.....	19

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu
Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

Beidh imeachtaí réitigh mhalartaigh díospóidí i leith díospóidí a réiteach faoi Mhír 22(1)(a) agus (b) de Rialachán (CE) Uimh. 874/2004 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha beartais phoiblí a bhaineann le cur i bhfeidhm agus feidhmeanna Fearann Barrleibhéil .eu agus prionsabail a rialaíonn clárúchán faoi rialú ag na Rialacha ADR seo agus ag Rialacha Forlíontacha ADR ón Soláthraí a riarann na hImeachtaí ADR, oiread agus atá ar fáil agus a chuirtear ar a shuíomh gréasáin. Déanfar léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na Rialacha ADR seo faoi threoir chreat dlíthiúil an AE, ar creat é a bheidh i réim i gcás coinbhleachta.

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

A TRÁCHTAÍ GINEARÁLTA

1 Sainmhínte

Baineann na Rialacha ADR seo le díospóidí ainmneacha fearainn, áit ar cláraíodh an t-ainm fearainn faoin bhFearann Barrleibhéil .eu nó leaganacha .eu a d'fhéadfadh a bheith i scrípteanna eile. Tá an trácht ar .eu sna rialacha ADR seo ag tagairt le ní hamháin don script laidneach ach freisin do leaganacha .eu a d'fhéadfadh a bheith i scrípteanna eile.

Beidh an méid seo a leanas i gceist sna Rialacha ADR seo:

Ciallaíonn **ADR** réiteach malartach díospóidí.

Is imeacht a tionscnaítear i gcomhréir leis na Rialacha nós imeachta **Imeacht ADR**.

Ciallaíonn **Gearán** an doiciméad, lena n-áirítear na hiarscríbhinní uile, a ullmhaíonn an Gearánach chun cúis caingne faoin Imeacht ADR a tionscnamh.

Ciallaíonn **Gearánach** an Páirtí a thionscnaíonn Gearán a bhaineann le clárú ainm fearainn .eu nó a dhéanann iarratas chun teanga Imeacht ADR a athrú.

Ciallaíonn **Dáta Tosaithe Imeacht ADR** dáta ar a gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go gcomhdaítear Gearán atá comhlíontach ó thaobh riaracháin de go cuí leis an Soláthraí; agus
- (b) go n-íoctar an táille iomchuí don Imeacht ADR.

Ciallaíonn **Sealbhóir Ainm Fearainn** duine dlítheanach nó nádúrtha a shealbhaíonn clárú gníomhachtaíthe ainm fearainn .eu.

Tagraíonn **Rialacháin an Aontais Eorpaigh** do Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Aibreán 2002 maidir le cur i bhfeidhm Fearann Barrleibhéil .eu¹ agus Rialachán (CE) Uimh. 874/2004 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha beartais phoiblí a bhaineann le cur i bhfeidhm agus feidhmeanna Fearann Barrleibhéil .eu agus prionsabail a rialaíonn clárúcháin² agus aon rialachán breise leasódh nó a gcomhlánfadh rialacha agus prionsabal den sórt sin nó aon rialachán breise a gcuirfí ina n-ionad.

Ciallaíonn **Clárlann** an t-eintiteas a chuireann Coimisiún na hEorpa ar a iontaoibh chun .eu a eagrú, a riar agus a bhainistiú i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 733/2002.

Ciallaíonn **Comhdhlínse** dlínse cúirte ag suíomh aon chinn de na nithe seo a leanas

- (a) príomhoifig an Chláraitheora (ar choinníoll gur ghéill an Freagraí ina Chomhaontú Clárúcháin don dlínse sin le haghaidh breithnithe cúirte ar dhíospóidí a bhaineann le nó a thagann as úsáid an ainm fearainn, agus ar choinníoll go bhfuil an chúirt a shonraítear amhlaidh suite laistigh den Aontas Eorpach) nó
- (b) seoladh an Fhreagraí mar a léirítear le haghaidh chlárú an ainm fearainn i mbunachar sonraí Whois na Clárlainne tráth a chuirtear an Gearán faoi bhráid an tSoláthraí nó mar a fhaigheann an Gearánach ón gClárlann é más rud é nach bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil i mbunachar sonraí Whois na Clárlainne nó
- (c) príomhoifig na Clárlainne i gcás Imeachtaí ADR in aghaidh na Clárlainne.³

Ciallaíonn **Painéal** painéal ADR a cheapann Soláthraí chun Gearán a bhaineann le clárú ainm fearainn .eu a chinneadh.

¹ I.O. L 113 an 30.04.2002, leathanach 1.

² I.O. L 162 an 30.04.2004, leathanach 40.

³ I.O. L 12 an 16.01.2001, leathanach 1

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu **Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")**

Ciallaíonn **Painéalaí** duine aonair a cheapann Soláthraí chun bheith ina chomhalta ar Phainéal.

Ciallaíonn **Páirtí** Gearánach nó Freagraí; ciallaíonn **Páirtithe** an bheirt acu.

Ciallaíonn **Rialacha Nós Imeachta** na Rialacha ADR seo, Rialacha Forlíontacha ADR an tSoláthraí agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh. I gcás coinbhleachta idir aon cheann de na rialacha seo, beidh tosaíocht ag Rialacháin an Aontais Eorpaigh

Ciallaíonn **Soláthraí** soláthraí seirbhíse réitigh díospóidí a roghnaíonn an Chlárlann.

Ciallaíonn **Cláraitheoir** eintiteas lenar chláraigh an Freagraí ainm fearainn is ábhar do Ghearán.

Ciallaíonn **Comhaontú Clárúcháin** an comhaontú idir Cláraitheoir agus sealbhóir ainm fearainn.

Ciallaíonn **Polasaí Clárúcháin** Polasaí Clárúcháin Ainm Fearainn .eu a eisiúnn an Chlárlann.

Ciallaíonn **Freagraí** sealbhóir chlárú ainm fearainn .eu (nó oidhrí dlítheanacha an tsealbhóra nó an Chlárlann i gcás Imeachta ADR in aghaidh na Clárlainne) ar ina leith a thionscnaítear Gearán agus/nó iarratas chun teanga Imeachta ADR a athrú.

Ciallaíonn **Freagairt** an doiciméad, lena n-áirítear na hiarscríbhinní uile, a chomhdaíonn an Gearánach chun freagairt do na líomhaintí uile a leagtar amach sa Ghearán i gcomhréir leis na Rialacha ADR seo agus le Rialacha Forlíontacha ADR.

Ciallaíonn **Tréimhse Achomhairc Sunrise** tréimhse 40 lá a fhéadfar Gearán in aghaidh chinneadh na Clárlainne chun ainm fearainn a chlárú laistigh den tréimhse Sunrise a chomhdú mar a shonraítear sna Rialacha Sunrise.

Ciallaíonn **Rialacha Sunrise** Polasaí Clárúcháin .eu agus na Téarmaí agus Coinníollacha le haghaidh Iarratas Ainm Fearainn a dhéantar le linn na Tréimhse Clárúcháin Céimnithe a eisiúnn an Chlárlann.

Ciallaíonn **Rialacha Forlíontacha ADR** na rialacha a ghlacann an Soláthraí a riarann Imeachtaí ADR chun na Rialacha ADR seo a fhorlíonadh.

Ciallaíonn **Téarmaí agus Coinníollacha** Téarmaí agus Coinníollacha Chlárú Ainm Fearainn .eu a eisiúnn an Chlárlann.

Ciallaíonn **Am an Chomhdaithe** tráth ama ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) gur comhdaíodh Gearán nó iarratas chun teanga Imeachta ADR a athrú go cuí leis an Soláthraí; agus
- (b) go bhfuair an Soláthraí an táille iomchuí le haghaidh Imeachta ADR.

Ciallaíonn **Laethanta Oibre** gach lá a thiteann idir Luan agus Aoine seachas na laethanta ar laethanta saoire poiblí iad sa tír nó stát ina bhfuil an Soláthraí nó aon cheann de na Páirtithe, de réir mar a bheidh, faoi réir oibleagáide chun cloí le tréimhse ama mar a shonraítear faoi na Rialacha ADR seo.

2 Cumarsáidí agus Tréimhsí Ama

- (a) Agus Gearán á chur ar aghaidh don Fhreagraí, beidh sé d'fhreagracht ag an Soláthraí úsáid a bhaint as modhanna, atá ar fáil go réasúnach, a ríomhtar chun fógra iarbhír don Fhreagraí a bhaint amach.
- (b) Comhlíonfaidh an Soláthraí a oibleagáid chun fógra iarbhír a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh (i) an Gearán nó fógra le faisnéis maidir le conas rochtain a fháil ar an nGearán (m.sh. chun críocha ardáin ar líne a oibrítear ag an Soláthraí) a sheoladh chuig an bhFreagraí trí úsáid a bhaint as na modhanna da bhforáiltear i (c) thíos chuig an seoladh a chuir an Chlárlann in iúl don Soláthraí le haghaidh shealbhóir an ainm fearainn chlárúithe nó chuig suíochán na Clárlainne i gcás Gearáin in aghaidh chinneadh na Clárlainne; agus (ii) i gcás nach ndearbhaíonn an Freagraí go bhfuarthas an chumarsáid leictreonach a rinneadh de bhun (i) thuas laistigh de chúig (5) lá ó seoladh an chumarsáid, tríd an fógra thuasluaite le faisnéis maidir le conas rochtain a fháil ar an nGearán a sheoladh ar aghaidh le seirbhís phoist chlárúithe nó

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu
Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

chúiréireachta, postas réamhíochta agus admháil aischuir iarrtha, chuig an seoladh/na seoltaí a shonraítear in (i) thuas.

- (c) Mura bhforáiltear a mhalairt sna Rialacha ADR seo, seolfar aon chumarsáid i scríbhinn don Ghearánach, don Fhreagraí nó don Soláthraí dá bhforáiltear faoi na Rialacha ADR seo, leis na modhanna roghnaithe a shonraíonn an Gearánach nó an Freagraí, faoi seach, nó d'éagmais sonraíochta den sórt sin:
 - (1) go leictreonach tríd an Idirlíon, ar choinníoll go bhfuil taifead a tarchuir ar fáil; nó
 - (2) le teachtaireacht facs nó tarchur facs, le daingniú tarchuir; nó
 - (3) le seirbhís phoist chláráithe nó chúiréireachta, postas réamhíochta agus admháil aischuir iarrtha.
- (d) Féadfaidh ceachtar Páirtí a chuid sonraí teagmhála a nuashonrú trí fhógra a thabhairt don Soláthraí agus don Chlárlann.
- (e) Mura bhforáiltear a mhalairt sna Rialacha ADR seo, measfar go ngeofar gach cumarsáid dá bhforáiltear sna Rialacha ADR seo, i gcomhréir leis an bhforáil seo:
 - (1) más tríd an Idirlíon, ar an dáta a traschuireadh an chumarsáid, ar choinníoll go bhfuil dáta an traschuir infhíoraithe; nó
 - (2) má sheachadtar é le tarchur facs, ar an dáta a léirítear ar dhaingniú an tarchuir; nó
 - (3) más le seirbhís phoist chláráithe nó chúiréireachta, ar an dáta a mharcáiltear ar an admháil, nó, mura bhféidir an chumarsáid a sheachadadh sa chaoi seo, ar dhul in éag dó dhéag (12) lá ó tugadh an chumarsáid do sholáthraí seirbhíse poist nó cúiréireachta.
- (f) Beidh sé d'fhreagracht ar an seoltóir taifid a choinneáil ar fhíric agus imthosca an tseachadta, ar taifid iad a bheidh ar fáil le haghaidh cigireachta ag an Soláthraí agus chun críocha tuairiscithe.
- (g) Measfar gur taifid bhailí loga córais theachtaireachtaí sonraí an tSoláthraí d'éagmais aon fhianaise i dtaobh mhífheidhm chóras an tSoláthraí.
- (h) Mura bhforáiltear a mhalairt sna Rialacha ADR seo, tosaíonn gach tréimhse ama a ríomhtar faoi na Rialacha ADR seo ar an dáta is luaithe a mheastar go bhfuil an chumarsáid déanta i gcomhréir le Mír A2(e).
- (i) Ar iarratas a fháil ó Pháirtí, ar iarratas é a chomhdaítear roimh dhul in éag na tréimhse ama ábhartha/na dtréimhsí ama ábhartha, féadfaidh an Soláthraí agus, i ndiaidh a cheapacháin, an Painéal - de réir mar is rogha leis féin amháin - na tréimhsí ama a leagtar síos sna Rialacha ADR seo is infheidhme do na Páirtithe a shíneadh in imthosca speisialta nó ar comhaontú ón dá Pháirtí. Cinnfidh an Soláthraí agus, i ndiaidh a cheapacháin, an Painéal, aon tréimhse teoranta sínidh den sórt sin.
- (j) Ní fhéadfaidh aon Pháirtí nó aon duine ag gníomhú dóibh thar a cheann a bheith i mbun aon chumarsáide aontaobhaí leis an bPainéal. Déanfar na cumarsáidí uile idir Páirtí, ar an taobh amháin, agus an Painéal nó an Soláthraí ar an taobh eile do riarthóir cáis a cheaptar ag an Soláthraí ag na modhanna agus sa chaoi dá bhforáiltear i Rialacha Forlíontacha ADR an tSoláthraí.
- (k) Déanfar aon chumarsáid in Imeacht ADR a thionscnaíonn
 - (1) Painéal do Pháirtí ag an Soláthraí;
 - (2) Páirtí ag an Soláthraí;
 - (3) an Soláthraí d'aon Pháirtí nó a thionscnaíonn Páirtí i ndiaidh Dháta Tosaithe Imeacht ADR a chóipeáil ag an Soláthraí don Pháirtí eile agus don Phainéal.

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu
Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

- (l) Sa chás go bhfaigheann Páirtí a sheolann cumarsáid fógra i dtaobh neamhsheachadadh na cumarsáide, cuirfidh an Páirtí imthosca an fhógra in iúl go pras don Soláthraí.

3 Teanga na nImeachtaí

- (a) Ní mór go mbeidh teanga Imeachtaí ADR i gceann de theangacha oifigiúla an AE. Mura gcomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt, nó mura sonraítear a mhalairt sa Chomhaontú Clárúcháin, is é a bheidh mar theanga Imeacht ADR teanga an Chomhaontuithe Clárúcháin i leith an ainm fearainn atá faoi dhíospóid. D'éagmais comhaontuithe idir na Páirtithe, féadfaidh an Painéal de réir mar is rogha leis féin amháin, ag féachaint d'ímthosca Imeacht ADR, a chinneadh ar an iarratas i scríbhinn a fháil ó Ghearánach, ar iarratas é a comhdaíodh roimh an nGearán a thionscnamh, gur neamhionann teanga Imeacht ADR agus teanga an Chomhaontuithe Clárúcháin le haghaidh an ainm fearainn atá faoi dhíospóid.
- (b) Beidh an nós imeachta maidir leis an iarratas chun teanga Imeacht ADR a athrú mar seo a leanas:
- (1) Cuirfear an t-iarratas faoi bhráid an tSoláthraí agus:
 - (i) sonrófar an fhaisnéis faoi Mhíreanna B1 (b)(2), (b)(3), (b)(5), (b)(6), agus (b)(7) de Rialacha ADR;
 - (ii) sonrófar an t-athrú a iarrtar maidir le teanga Imeacht ADR;
 - (iii) sonrófar na himthosca a thabharfadh údar le hathrú den sórt sin ar theanga Imeacht ADR;
 - (iv) ag an deireadh beidh an ráiteas faoi B1(b)(15) de Rialacha ADR.
 - (2) Admhóidh an Soláthraí go bhfuarthas an t-iarratas ón nGearánach, faoi réir admháil na dtáillí a bheidh dlite anseo thíos, agus, más infheidhme, cuirfidh sé Am an Chomhdaithe in iúl don Chlárann i gcomhréir le B1(e) de Rialacha ADR, agus beidh na hiarmhairtí céanna ann ná a bheidh ann faoi B1(e) de Rialacha ADR.
 - (3) Cuirfidh an Soláthraí an t-iarratas chun teanga Imeacht ADR a athrú in iúl don Fhreagraí laistigh de chúig (5) lá tar éis na táillí is iníoctha anseo thíos a fháil.
 - (4) Beidh sé de cheart ag an bhFreagraí freagairt a chur faoi bhráid an tSoláthraí laistigh de dhá dhéag (12) lá ón dáta a chuirtear an t-iarratas chun teanga Imeacht ADR a athrú in iúl.
 - (5) Admhóidh an Soláthraí go bhfuarthas an fhreagairt ón bhFreagraí agus ceapfaidh sé Painéal amháin chun an t-iarratas a chinneadh. Beidh feidhm ag Mír B5 dá réir sin.
 - (6) Éiseoidh an Painéal cinneadh maidir le cé acu an gceadófar nó nach gceadófar an t-athrú a iarrtar maidir le teanga Imeacht ADR laistigh de dhá dhéag (12) lá ó dháta a cheapacháin. Beidh cinneadh an Phainéil críochnaitheach agus ní bheidh sé faoi réir achomhairc. Cuirfear an cinneadh in iúl do na Páirtithe gan mhoill.
 - (7) I gcás go gcomhdaíonn an Gearánach an Gearán laistigh de thríocha (30) lá Oibre ón gcinneadh faoi (b)(6) thuas a fháil, beidh feidhm ag Am an Comhdaithe maidir leis an iarratas chun teanga Imeacht ADR a athrú i leith an Ghearáin, ar choinníoll go n-íocfar an táille iomchuí.
- (c) Déanfar gach doiciméad, lena n-áirítear cumarsáidí a dhéantar mar chuid den Imeacht ADR, i dteanga Imeacht ADR nó i dteanga dhifriúil a iarrtar más rud é go gcruthaíonn an Gearánach ina thaisceadh go bhfuil eolas leordhóthanach ag an bhFreagraí ar an teanga dhifriúil sin. D'ainneoin aon rud a luaitear thuas, féadfaidh an Painéal iarratas a dhéanamh go n-aistreofar aon doiciméid a chuirtear isteach i dteangacha eile seachas teanga Imeacht ADR. Féadfaidh an Painéal

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu

Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

neamhaird a thabhairt ar dhoiciméid a chuirtear isteach i dteangacha eile seachas teanga Imeacht ADR gan iarratas a dhéanamh go n-aistreofar iad. Déanfar aon chumarsáid ón Soláthraí, ar cumarsáid í nach féidir aird a thabhairt uirthi, mar gheall ar a hinneachar, gur doiciméid nós imeachta é (ar nós litreach cumhdaigh lena seolann an Soláthraí doiciméid nós imeachta nó fógraí córais uathoibríocha a ghintear ag iarratas an tSoláthraí) i dteanga Imeacht ADR nó i mBéarla.

- (d) Féadfaidh an Soláthraí agus an Painéal, i ndiaidh é a bhunú, as a stuaim féin nó ar iarratas a fháil ó Pháirtí, a ordú go mbeidh aistriúchán go hiomlán nó go páirteach i dteanga Imeacht ADR in éineacht le haon doiciméid a chuirtear isteach i dteangacha seachas teanga Imeacht ADR.

4 Socraíocht nó Forais Eile Foirceanta

- (a) Tuigfear go mbeidh Imeacht ADR curtha i gcrích a luaithe agus a mbeidh daingniú ón dá Pháirtí go bhfuil comhaontú a bhaineann le cuspóir na díospóide tugtha i gcrích idir na Páirtithe faighte ag an bPainéal.
- (b) Más mian leis na Páirtithe socraíocht a chaibidlíú, féadfaidh an Gearánach iarratas a dhéanamh go gcuirfeadh an Soláthraí nó an Painéal, i ndiaidh é a bhunú, an tImeacht ADR ar fionraí go ceann tréimhse teoranta. Féadfaidh an Painéal an tréimhse fionraíochta a shíneadh ar iarratas a fháil ón nGearánach. Beidh aon fhionraíocht den sórt sin gan dochar d'oibleagáid an Phainéil chun a chinneadh maidir leis an nGearán a chur ar aghaidh chuig an Soláthraí laistigh den tréimhse ama a shonraítear i Mír B12(b) thíos. Atosófar an tImeacht ADR go huathoibríoch ar iarratas den sórt sin a fháil ón bhFreagraí nó ón nGearánach nó ar éag don tréimhse ama teoranta agus sonraíthe sin.
- (c) Foirceannfaidh an Painéal an tImeacht ADR má thagann sé ar an eolas go bhfuil an díospóid is ábhar don Ghearán cinnte go críochnaitheach ag cúirt dlínse inniúla nó ag comhlacht réitigh mhalartaigh díospóidí.
- (d) Cuirfidh an Painéal an tImeacht ADR/na hImeachta ADR ar fionraí de bhun Mhír B1(f), Mhír B2(e) agus Mhír B3(d) thíos.

5 Imeachtaí Cúirte

Ní dhéanfaidh aon imeacht cúirte dochar do stiúradh Imeacht ADR, faoi réir Mhír A4(c) thuas.

6 Táillí

- (a) Íocfaidh an Gearánach táille tosaigh sheasta leis an Soláthraí, i gcomhréir leis na Rialacha Forlíontacha ADR. Go dtí go mbeidh an táille tosaigh seo faighte ag an Soláthraí, ní bheidh sé d'oibleagáid air aon ghníomh ar an nGearán a dhéanamh. Mura mbeidh an táille faighte ag an Soláthraí laistigh de dheich (10) lá ó dháta fógra na dtáillí neamhíochta, measfar go mbeidh an Gearán tarraingthe siar agus go mbeidh an tImeacht ADR curtha ar ceal.
- (b) Íocfaidh Gearánach a thionscnaíonn iarratas chun teanga Imeacht ADR a athrú faoi Rannán A3 thuas nó a thionscnaíonn agóid in aghaidh tharraingt siar an Ghearáin mar gheall ar a easnamh riaracháin faoi Mhír B2(c) thíos táillí ar leithligh leis an Soláthraí i gcomhréir leis na Rialacha Forlíontacha ADR. Mura mbeidh an táille faighte ag an Soláthraí laistigh de chúig (5) lá ó dháta fógra na dtáillí neamhíochta, measfar go mbeidh an t-iarratas tarraingthe siar.
- (c) Íocfaidh Freagraí a roghnaíonn faoi Mhír B3(b)(4) go gcinneadh Painéal de thriúr comhaltaí an díospóid, seachas Painéal aonchomhalta atá roghnaithe ag an nGearánach, táille bhreise dá sonraítear sna Rialacha Forlíontacha ADR leis an Soláthraí. I ngach cás eile, seasfaidh an Gearánach le táillí uile an tSoláthraí.
- (d) In imthosca eisceachtúla, mar shampla sa chás go dtionóltar éisteacht i bpearsain, iarrfaidh an Soláthraí ar an bPáirtí nó ar na Páirtithe a iarrann imeacht den sórt sin chun táillí breise a íoc

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu
Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

faoi seach, ar táillí iad a mbunófar i gcomhairle leis an bPainéal, i ndiaidh é a bhunú, roimh aon éisteacht den sórt sin a sceidealú.

- (e) Faoi réir Mhír B1(f) thíos, ní fhéadfaidh aisíocaíocht a dhéanamh ar na táillí a íoctar.

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu

Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

B STIÚRADH NA nIMEACHTAÍ

1 An Gearán

(a) Féadfaidh aon duine nó eintiteas Imeacht ADR a thionscnamh trí Ghearán a chur faoi bhráid aon tSoláthraí i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta. Féadfar Gearán a chomhdú:

(1) in aghaidh Shealbhóir Ainm Fearainn ar i leith an ainm fearainn a thionscnaítear an Gearán; nó

(2) in aghaidh na Clárlainne.

D'fhonn amhras a sheachaint, go dtí go mbeidh an t-ainm fearainn a thionscnaítear an Gearán ina leith cláraithe agus gníomhachtaithe, féadfaidh páirtí Imeacht ADR a thionscnamh in aghaidh na Clárlainne amháin.

(b) Sa Ghearán:

(1) Iarrfar go gcuirfean an Gearán isteach le haghaidh cinnidh in Imeacht ADR i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta;

(2) Soláthrófar ainm, seoltaí poist agus r-phoist, agus uimhreacha teileafóin agus facs an Ghearánaigh agus aon ionadaí atá údaraithe chun gníomhú ar son an Ghearánaigh san Imeacht ADR;

(3) Sonrófar modh roghnaithe le haghaidh cumarsáide a dhírítear ar an nGearánach san Imeacht ADR (lena n-áirítear an duine le bheith teagmhaithe, modhanna cumarsáide, agus faisnéis seolta);

(4) Saineofar cé acu an roghnaíonn nó nach roghnaíonn an Gearánach go mbeidh an díospóid cinnte ag Painéal aonchomhalta nó ag Painéal de thriúr comhaltaí agus, sa chás go roghnaíonn an Gearánach Painéal de thriúr comhaltaí, soláthrófar ainmneacha triúir iarrthóirí chun bheith i gceann de na Painéalaithe (féadfar na hiarrthóirí seo a tharraingt ó liosta painéalaithe ón Soláthraí atá ag déileáil leis na himeachtaí); san uasmhéid is indéanta, níor cheart go mbeadh baint ag iarrthóirí den sórt sin in aon Imeacht ADR roimhe sin inar Pháirtí an Gearánach sin le trí (3) bliana anuas;

(5) Soláthrófar ainm an Fhreagraí agus, i gcás Imeacht ADR in aghaidh Shealbhóir Ainm Fearainn, soláthrófar go mionchruinn agus go leordhóthanach gach faisnéis (lena n-áirítear aon seoltaí poist nó r-phoist agus uimhreacha teileafóin nó facs) is eol don Gearánach maidir le conas teagmháil a dhéanamh leis an bhFreagraí nó le haon ionadaí an Fhreagraí, lena n-áirítear faisnéis teagmhála atá bunaithe ar dhéileálacha roimh an Ghearán, ionas go mbeidh an Soláthraí in ann an Gearán a sheoladh chuig an bhFreagraí mar a thuiriscítear i Mír A2(a);

(6) Saineofar an t-ainm fearainn/na hainmneacha fearainn atá ina ábhar/ina n-ábhar don Ghearán;

(7) Sainithneofar an Chlárlann/na Clárlanna lena chláraítear an t-ainm fearainn/na hainmneacha fearainn tráth a chomhdaítear an Gearán (ní infheidhme seo maidir le Gearáin a chomhdaítear in aghaidh chinneadh/chinntí na Clárlainne roimh chlárú an ainm fearainn atá faoi dhíospóid);

(8) I gcás go gcomhdófar an Gearán in aghaidh chinneadh/chinntí na Clárlainne, sainithneofar cinneadh/cinntí na Clárlainne atá faoi dhíospóid agus cé acu an déileálann nó nach déileálann cinneadh/cinntí na Clárlainne atá faoi dhíospóid le clárú ainm fearainn laistigh den Tréimhse Sunrise.

(9) Saineofar na hainmneacha a aithnítear nó a bhunaítear ceart ina leith ag dlí náisiúnta Ballstáit agus/nó dlí Comhphobail. Maidir le gach ainm den sórt sin, tuairisceofar go beacht

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu
Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

cineál an chirt/na gceart a éilítear, saineofar an dlí nó na dlíthe mar aon leis na coinníollacha faoina aithnítear agus/nó faoina bhunaítear an ceart.

- (10) Tuairisceofar, i gcomhréir leis na Rialacha ADR seo, na forais ar a ndéantar an Gearán lena náirítear, go háirithe,
 - (i) I gcás Imeacht ADR in aghaidh Shealbhóir an Ainm Fearainn ar i leith an ainm fearainn a tionscnaíodh an Gearán:
 - A. na fáthanna a bhfuil an t-ainm fearainn ar comhionann leis nó comhchosúil go mearbhallach leis an ainm nó na hainmneacha ar ina leith a aithnítear nó a bhunaítear ceart nó cearta ag dlí náisiúnta agus/nó Comhphobail (de réir mar a shonraítear agus a thuairiscítear i gcomhréir le Mír B 1 (b) (9)); agus, ceann amháin den méid seo a leanas
 - B. na fáthanna ar cláraíodh an t-ainm fearainn ag a shealbhóir gan chearta nó leasanna dlisteanacha i leith an ainm fearainn is ábhar don Ghearán; nó
 - C. na fáthanna ar cheart an t-ainm fearainn a mheas mar bheith cláraithe nó úsáidte de mheon mímhacánta.
 - (ii) I gcás Imeacht ADR in aghaidh na Clárlainne, na fáthanna a bhfuil cinneadh a ghlac an Chlárlann ar neamhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh.
- (11) Saineofar, i gcomhréir leis na Rialacha ADR seo, na leigheasanna a lorgaítear (féach Mír B11 (b) agus (c) thíos);
- (12) Más rud é go n-iarrann an Gearánach go dtraschuirfí an t-ainm fearainn, soláthrófar fianaise go gcomhlíonann an Gearánach na critéir cháilitheachta ghinearálta maidir leis an gclárúchán a leagtar amach i Mír 4(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 733/2002;
- (13) Sainaitheofar aon imeachtaí dlíthiúla eile a tionscnaíodh nó a foirceannadh i dtaca leis an nó maidir leis an ainm fearainn nó aon cheann de na hainmneacha fearainn is ábhar don Ghearán;
- (14) Luafar go ngéillfidh an Gearánach, maidir le haon agóidí in aghaidh cinnidh san Imeacht ADR chun an t-ainm fearainn a chúlghairm nó a thraschur, do dhlínse na gcúirteanna i gComhdhlínse sonraithe amháin ar a laghad i gcomhréir le Mír A1;
- (15) Beidh an ráiteas seo a leanas ag an deireadh agus i ndiaidh é seo, beidh síniú an Ghearánaigh nó a ionadaí údraithe; i gcás comhdaithe leictreonaigh, ní mór go gcomhlíonfaidh an síniú ceanglais ardán ar líne an tSoláthraí: "Dearbhaíonn an Gearánach gur iomlán agus cruinn an fhaisnéis uile a sholáthraítear anseo thíos. Aontaíonn an Gearánach lena chuid sonraí pearsanta a phróiseáil ag an Soláthraí sa mhéid is gá maidir le comhlíonadh cóir fhreagrachtaí an tSoláthraí anseo thíos. Aontaíonn an Gearánach chomh maith leis an gcinneadh iomlán (lena n-áirítear sonraí pearsanta a áirítear sa chinneadh) a eisítear san Imeacht ADR a thionscnaítear leis an nGearán seo a fhoilsiú i dteanga Imeacht ADR agus in aistriúchán Béarla neamhoifigiúil a aimseofar ag an Soláthraí. Aontaíonn an Gearánach tuilleadh gurb in aghaidh shealbhóir an ainm fearainn amháin a bheidh a chuid éileamh agus leigheasanna maidir le clárú an ainm fearainn, na díospóide, nó réiteach na díospóide, agus tarscaoileann sé leis seo gach aon agus gach uile éileamh agus leigheas in aghaidh
 - (i) an tSoláthraí, mar aon lena stiúrthóirí, oifigigh, fhostaithe, chomhairleoirí agus gníomhairí, ach amháin i gcás éagóra de bhun tola;
 - (ii) Painéalaithe, ach amháin i gcás éagóra de bhun tola;
 - (iii) an Chláraitheora, ach amháin i gcás éagóra de bhun tola; agus
 - (iv) na Clárlainne, mar aon lena stiúrthóirí, hoifigigh, fostaithe, comhairleoirí agus gníomhairí, ach amháin i gcás éagóra de bhun tola;"

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu

Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

- (16) Cuirfear aon fhianaise dhoiciméadach nó aon fhianaise eile, lena n-áirítear aon fhianaise a bhaineann le cearta ar a sheasann an Gearánach, in éineacht le sceideal a innéacsáionn fianaise den sórt sin, in iarscríbhinn leis.
- (17) Áireofar aon fhoirmeacha dá bhforáiltear sna Rialacha Forlíontacha ADR agus comhlíonfar aon cheanglais fhoirmiúla a áirítear sna Rialacha Forlíontacha ADR, lena n-áirítear aon teorainn focal.
- (c) Féadfar baint a bheith ag an nGearán le níos mó ná ainm fearainn amháin, ar choinníoll gurb ionann Páirithe agus teanga Imeachtaí ADR.
- (d) Admhóidh an Soláthraí go bhfuarthas an Gearán ón nGearánach, faoi réir na táillí atá dlite thuas a fháil.
- (e) A luaithe is féidir i ndiaidh Am an Chomhdaithe, ach in aon chás tráth nach déanaí ná cúig (5) lá ó dháta Am an Chomhdaithe agus roimh fhógairt a thabhairt don Fhreagraí de bhun Airteagal B2 thíos, cuirfidh an Soláthraí aitheantas an Ghearánaigh agus an t-ainm fearainn/na hainmneacha fearainn lena mbaineann in iúl don Chlárlann. Ar fhaisnéis a fháil ón Soláthraí, coiscfidh an Chlárlann an t-ainm fearainn atá faoi dhíospóid de bhun Théarmaí agus Choinníollacha Ainm Fearainn .eu.
- (f) Cuirfear aon Imeacht(aí) ADR in aghaidh Shealbhóir Ainm Fearainn le hAm Chomhdaithe atá níos déanaí i leith an ainm fearainn céanna/na n-ainmneacha fearainn céanna ar fionraí ar fheitheamh thoradh Imeacht ADR a thionscnaítear ag an nGearánach leis an Am Chomhdaithe is luaithe. Más rud é go gcinneann an Painéal le linn Imeacht ADR den sórt sin na leigheasanna a iarrtar a dheonú, foirceannfar gach Imeacht ADR atá ar fionraí agus aisíocfar aon táillí a íocadh. Más rud é, le linn Imeacht ADR, go ndiúltaíonn an Painéal an Gearán, gníomhachtóidh an Soláthraí an Gearán is cóngaraí d'Am an Chomhdaithe ó thaobh ama de. Cuirfidh an Soláthraí foirceann, gníomhachtú, nó fionraíocht leanúnach Gheará(i)n an Ghearánaigh/na nGearánach in iúl dó/dóibh faoi seach laistigh de chúig (5) lá ó dháta eisiúna chinneadh an Phainéil a bhaineann leis an nGearán roimhe sin.
- (g) I gcás go tionscnófar Imeacht ADR in aghaidh na Clárlainne le hAm Chomhdaithe atá níos déanaí ná Imeacht ADR eile in aghaidh na Clárlainne maidir leis an gcinneadh céanna a ghlac an Chlárlann, foirceannfar an tImeacht ADR in aghaidh na Clárlainne le hAm Chomhdaithe atá níos déanaí agus aisíocfar aon táillí a íocadh.
- (h) Ní chuirfidh aon rud a luaitear i Mír 15, (i) go (iv) thuas, cosc ar an nGearánach Imeacht ADR in aghaidh na Clárlainne a thionscnamh sa chás go bhfuil cinneadh atá glactha ag an gClárlann ar neamhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh.
- (i) I gcás Imeacht ADR in aghaidh na Clárlainne, ní mór aon iarratas ón nGearánach le haghaidh doiciméad nó aon fhaisnéise eile a bhaineann le cinneadh na Clárlainne a agóidtear san Imeacht ADR a dhéanamh go díreach don Chlárlann i gcomhréir leis an bPolasaí Clárúcháin.

2 Gearán a Fhógairt

- (a) Déanfaidh an Soláthraí athbhreithniú ar an nGearán le haghaidh comhlíonta riaracháin leis na Rialacha Níos Imeachta agus le Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 agus, más rud é go bhfuil sé comhlíontach, seolfaidh sé an Gearán (in éineacht le bileog chumhdaigh mhíniúcháin dá bhforáiltear i Rialacha Forlíontacha ADR an tSoláthraí) ar aghaidh chuig an bhFreagraí, sa mhodh dá bhforáiltear i Mír A2(a) agus i Mír A2(b), laistigh de chúig (5) lá Oibre i ndiaidh na táillí le bheith íoctha ag an nGearánach i gcomhréir le Mír A6 a fháil.
- (b) Má chinneann an Soláthraí nach bhfuil an Gearán comhlíontach leis na Rialacha Níos Imeachta ó thaobh riaracháin de, cuirfidh sé nádúr na n-easnamh a sainaithníodh in iúl don Ghearánach go pras. Más féidir na heasnamh a cheartú, beidh seacht (7) lá ag an nGearánach chun aon easnamh den sórt sin a cheartú agus chun Gearán leasaithe a chur isteach, agus ina dhiaidh sin,

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

mura gceartaítear é, tabharfaidh an Soláthraí fógra don Ghearánach go meastar go bhfuil an tImeacht ADR tarraingthe siar mar gheall ar easnamh riarachán agus gan dochar do chur isteach Gearáin dhifriúil ag an nGearánach.

- (c) Féadfaidh Gearánach agóid a dhéanamh in aghaidh tharraingt siar a Ghearáin mar gheall ar easnamh riaracháin de bhun Mhír B2(b) thuas. Is é seo a leanas an nós imeachta maidir le hagóid den sórt sin:
- (1) Cuirfear an t-iarratas faoi bhráid an tSoláthraí laistigh de chúig (5) lá ón bhfaisnéis maidir leis an tarraingt siar a fháil agus:
 - (i) saineofar an fhaisnéis faoi Mhír B1 (b)(2), Mhír B1 (b)(6) agus Mhír B1 (b)(8) (más infheidhme) de Rialacha ADR;
 - (ii) saineofar an cealú a iarrtar ar tharraingt siar an Ghearáin mar gheall ar easnamh riaracháin;
 - (iii) saineofar na cúiseanna a bhaineann leis an gcealú a iarrtar;
 - (iv) beidh ráiteas faoi B1(b)(15) de Rialacha ADR ag an deireadh.
 - (2) Admhóidh an Soláthraí go bhfuarthas an t-iarratas ón nGearánach, faoi réir na táillí atá dlite de bhun Mhír A6(a) thuas a fháil agus ceapfaidh sé Painéal aonchomhalta chun an t-iarratas a chinneadh. Beidh feidhm ag Mír B5 dá réir sin.
 - (3) Eiseoidh an Painéal cinneadh maidir le cé acu an gceadófar nó nach gceadófar an agóid a iarrtar laistigh de dhá dhéag (12) lá ó dháta a cheapacháin. Beidh cinneadh an Phainéil críochnaitheach agus ní bheidh sé faoi réir achomhairc. Cuirfear an cinneadh in iúl don Ghearánach gan mhoill.
- (d) Cuirfidh an Soláthraí Dáta Tosaithe Imeacht ADR in iúl don Ghearánach, don Fhreagraí, agus don Chlárlann láithreach bonn.
- (e) Cuirfidh an Soláthraí an tImeacht ADR ar fionraí go dtí go gcuirfear na nósanna imeachta dá sonraítear i Mír B2(b) agus i Mír B2(c) i gcrích.

3 An Fhreagairt

- (a) Laistigh de thríocha (30) lá Oibre ó dháta seachadta an Ghearáin i gcomhréir le Mír A2(b), cuirfidh an Freagraí Freagairt faoi bhráid an tSoláthraí.
- (b) Sa Fhreagairt:
- (1) Soláthrófar ainm, seoltaí poist agus r-phoist, agus uimhreacha teileafóin agus facs an Fhreagraí agus aon ionadaí atá údaraithe chun gníomhú ar son an Freagraí san Imeacht ADR;
 - (2) Sonrófar modh roghnaithe le haghaidh cumarsáide a dhírítear ar an bhFreagraí san Imeacht ADR (lena n-áirítear an duine le bheith teagmhaithe, meán, agus faisnéis seolta);
 - (3) Más rud é go bhfuil Painéal aonchomhalta roghnaithe ag an nGearánach sa Ghearán (Féach Mír B1(b)(3)), luafar cé acu an roghnaíonn nó nach roghnaíonn an Freagraí go mbeidh an díospóid cinnte ag Painéal de thriúr comhaltaí ina ionad sin;
 - (4) Má roghnaíonn an Gearánach nó an Freagraí Painéal de thriúr comhaltaí, soláthrófar ainmneacha agus sonraí teagmhála triúir iarrthóirí chun bheith i gceann de na Painéalaithe (féadfar na hiarrthóirí seo a tharraingt ó liosta painéalaithe aon Soláthraí); san uasmhéid is indéanta, níor cheart go mbeadh baint ag iarrthóirí den sórt sin in aon Imeacht ADR roimhe sin inar Pháirtí an Freagraí sin le trí (3) bliana anuas;

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu
Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

- (5) Sainaitheofar aon nós imeachta dlíthiúil eile a tionscnaíodh nó a foirceannadh i dtaca leis an nó maidir leis an ainm fearainn nó aon cheann de na hainmneacha fearainn is ábhar don Ghearán;
- (6) Tuairisceofar, i gcomhréir leis na Rialacha ADR seo, na forais ar a ndéantar an Fhreagairt.
- (7) Beidh an ráiteas seo a leanas ag an deireadh agus i ndiaidh é seo, beidh síniú an Fhreagraí nó a ionadaí údraithe; i gcás comhdaithe leictreonaigh, ní mór go gcomhlíonfaidh an síniú ceanglais ardán ar líne an tSoláthraí:
- "Dearbhaíonn an Gearánach gur iomlán agus cruinn an fhaisnéis uile a sholáthraítear anseo thíos.
- Aontaíonn an Freagraí lena chuid sonraí pearsanta a phróiseáil ag an Soláthraí sa mhéid is gá maidir le comhlíonadh cóir fhreagrachtaí an tSoláthraí anseo thíos.
- Aontaíonn an Freagraí chomh maith leis an gcinneadh iomlán (lena n-áirítear sonraí pearsanta a áirítear sa chinneadh) a eisítear san Imeacht ADR a thionscnaítear leis an nGearán seo a fhoilsiú i dteanga Imeacht ADR agus in aistriúchán Béarla neamhoifigiúil a aimseofar ag an Soláthraí.
- Tarscaoileann an Freagraí leis seo gach aon agus gach uile éileamh agus leigheas maidir leis an Imeacht ADR reatha in aghaidh
- (i) an tSoláthraí, mar aon lena stiúrthóirí, oifigigh, fhostaithe, chomhairleoirí agus ghníomhairí, ach amháin i gcás éagóra de bhun tola;
- (ii) Painéalaithe, ach amháin i gcás éagóra de bhun tola,
- (iii) an Chláraitheora, ach amháin i gcás éagóra de bhun tola agus
- (iv) na Clárlainne, mar aon lena stiúrthóirí, hoifigigh, fostaithe, agus gníomhairí, ach amháin i gcás éagóra de bhun tola."
- (8) Ceanglófar aon fhianaise dhoiciméadach nó aon fhianaise eile, lena n-áirítear aon fhianaise a bhaineann le cearta ar a sheasann an Freagraí, in éineacht le sceideal a innéacsáíonn fianaise den sórt sin.
- (9) Áireofar aon fhoirmeacha dá bhforáiltear sna Rialacha Forlíontacha ADR agus comhlíonfar aon cheanglais fhoirmiúla a áirítear sna Rialacha Forlíontacha ADR, lena n-áirítear aon teorainn focal.
- (c) Má tá sé roghnaithe ag an nGearánach go mbeidh an díospóid cinnte ag Painéal aonchomhalta agus go roghnaíonn an Freagraí Painéal de thriúr comhaltaí, ceanglófar ar an bhFreagraí táille a íoc i gcomhréir le Mír A6(b). Íocfar an íocaíocht seo in éineacht leis an bhFreagairt a chur faoi bhráid an tSoláthraí. Sa chás nach íocfar an íocaíocht is gá, beidh an díospóid cinnte ag Painéal aonchomhalta.
- (d) Dearbhóidh an Soláthraí don Fhreagraí go bhfuarthas an Fhreagairt. Má chinneann an Soláthraí nach bhfuil an Fhreagairt comhlíontach leis na Rialacha Nóis Imeachta ó thaobh riaracháin de, cuirfidh sé nádúr na n-easnamh a shainaithnítear in iúl don Fhreagraí go pras. Más féidir na heasnamh a leigheas, beidh seacht (7) lá ag an bhFreagraí chun aon easnaimh den sórt sin a cheartú agus chun Freagairt leasaithe a chur isteach, agus ina dhiaidh sin measfar nach bhfuil an Fhreagairt curtha isteach ag an bhFreagraí. Cuirfidh an Soláthraí an tImeacht ADR ar fionraí go dtí go dtarlóidh ceann amháin den dá ghníomh seo a leanas: (i) faigheann sé an Fhreagairt leasaithe nó (ii) téann an tréimhse ama dá luaitear sa Mhír seo in éag.
- (e) Seolfaidh an Soláthraí an Fhreagairt atá comhlíontach ó thaobh riaracháin de ar aghaidh don Ghearánach gan mhoill.
- (f) Mura gcuireann an Gearánach Gearán isteach nó más rud é go gcuireann sé Freagairt atá easnamhach ó thaobh riaracháin de isteach amháin, cuirfidh an Soláthraí mainneachtain an

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu

Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

Fhreagraí in iúl do na Páirtithe. Seolfaidh an Soláthraí an Fhreagairt atá easnamhach ó thaobh riaracháin de agus a cuireadh isteach ag an bhFreagraí chuig an bPainéal le haghaidh a fhaisnéise agus chuig an nGearánach.

- (g) Féadfaidh an Freagraí agóid a dhéanamh in aghaidh an fhógra maidir le mainneachtain an Fhreagraí i dtaisceadh i scríbhinn don Soláthraí, ar taisceadh é a chomhdaítear laistigh de chúig (5) lá ón bhfógra maidir le mainneachtain an Fhreagraí a fháil. Admhóidh an Soláthraí go bhfuarthas agóid an Fhreagraí agus seolfaidh sé agóid an Fhreagraí ar aghaidh don Phainéal laistigh de thrí (3) lá ón agóid a fháil. Déanfaidh an Soláthraí breith ar agóid an Fhreagraí, de réir mar is rogha leis féin amháin, mar chuid dá chinnteoireacht. Más rud é go ndearbhaíonn an Painéal go bhfuil an Fhreagairt easnamhach ó thaobh riaracháin de, féadfaidh an Painéal an díospóid a chinneadh bunaithe ar an nGearán amháin.
- (h) Ní chuireann aon rud a luaitear i Mír 7, (i) go (iv) thuas, cosc ar an bhFreagraí Imeacht ADR a thionscnamh in aghaidh cinneadh arna ghlacadh ag an gClárlann atá ar neamhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh.

4 An Painéal a Cheapadh agus Uainiú an Chinnidh

- (a) Roghnófar na painéalaithe i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha na Soláthraithe. Beidh saineolas iomchuí acu agus roghnófar iad ar mhodh oibiachtúil, trédhearcach agus neamhidirdhealaitheach. Coinneoidh agus foilseoidh gach Soláthraí liosta painéalaithe agus a gcuid cáilíochtaí a bheidh ar fáil go poiblí.
- (b) Más rud é nach bhfuil Painéal de thriúr comhaltaí roghnaithe ag an nGearánach ná ag an bhFreagraí (Mír B1(b)(3) agus Mír B3(b)(4)), ceapfaidh an Soláthraí Painéalaí amháin óna liosta painéalaithe.
- (c) Mura bhfuil Painéal de thriúr comhaltaí roghnaithe ag an nGearánach cheana, cuirfidh sé ainmneacha agus agus sonraí teagmhála triúir iarrthóirí chun bheith i gceann de na Painéalaithe faoi bhráid an tSoláthraí, laistigh de chúig (5) lá ón bhFreagairt ina roghnaíonn an Freagraí Painéal de thriúr comhaltaí a chur in iúl. Féadfar na hiarrthóirí a tharraingt ó liosta painéalaithe aon Soláthraí ; san uasmhéid is indéanta, níor cheart go mbeadh baint ag iarrthóirí den sórt sin in aon Imeacht ADR roimhe sin inar Pháirtí an Gearánach sin le trí (3) bliana anuas.
- (d) Sa chás go roghnaíonn an Gearánach nó an Freagraí Painéal de thriúr comhaltaí, ceapfaidh an Soláthraí Painéalaí amháin ó liosta na n-iarrthóirí a cuireadh isteach ag an nGearánach, Painéalaí amháin ó liosta na n-iarrthóirí a cuireadh isteach ag an bhFreagraí, agus Painéalaí amháin óna liosta painéalaithe féin. Más rud é nach gcuireann ceachtar Páirtí a liosta iarrthóirí isteach, ceapfaidh an Soláthraí Painéalaí breise óna liosta Painéalaithe féin.
- (e) A luaithe is a cheapfar an Painéal uile, cuirfidh an Soláthraí aitheantas na bPainéalaithe a ceapadh agus an dáta faoina seolfaidh an Painéal a chinneadh maidir leis an nGearán ar aghaidh don Soláthraí, d'éagmais imthosca eisceachtúla, in iúl do na Páirtithe.

5 Neamhchlaontacht agus Neamhspleáchas

- (a) Ní bheidh aon leasanna pearsanta nó eacnamaíocha ag na Painéalaithe i dtorthaí na díospóide, agus glacfaidh said orthu féin an díospóid a réiteach de réir phrionsabal na hintinne maithe, phrionsabal na cothroime agus phrionsabal an díchill chúí. Cothabhálfaidh na Painéalaithe cineál rúnda na faisnéise a nochtar dóibh le linn Imeachtaí ADR.
- (b) Beidh Painéalaí neamhchlaonta agus neamhspleách agus beidh aon imthosca, a bheadh ina gcúis le hamhras inchosanta maidir le neamhchlaontacht nó neamhspleáchas an Phainéalaí, nocht aige don Soláthraí roimh dó glacadh le ceapachán. Más rud é, ag aon chéim le linn Imeacht ADR, go dtagann imthosca nua chun cinn a d'fhéadfaí a bheith ina gcúis le hamhras inchosanta maidir le neamhchlaontacht nó neamhspleáchas Painéalaí, nochtfaidh an Painéalaí sin imthosca

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu

Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

den sórt sin don Soláthraí go pras. I gcás den sórt sin, beidh sé faoi rogha an tSoláthraí amháin Painéalaí ionadaíoch a cheapadh.

- (c) Lasmuigh den méid sin thuasluaite, féadfaidh na Páirtithe agóid a dhéanamh in aghaidh cheapachán Painéalaí. Ba cheart go míneodh an Páirtí a dhéanann agóid in aghaidh Painéalaí a fháthanna maidir leis an agóid don Soláthraí. Comhdófar an agóid laistigh de dhá (2) lá ón bhfógra maidir le ceapachán an Phainéalaí ábhartha a fháil, nó tar éis dó teacht ar an eolas i leith na n-imthosca a bheadh ina gcúis le hamhras inchosanta maidir le neamhchlaontacht nó neamhspleáchas an Phainéalaí.
- (d) I gcás ina ndéanann Páirtí amháin agóid in aghaidh Painéalaí, beidh an Páirtí eile agus/nó an Painéalaí atá faoi agóid i dteideal freagairt a chur isteach. Feidhmeofar an ceart seo laistigh de dhá (2) lá ón gcumarsáid dá dtagraítear sa Mhír roimhe seo a fháil.
- (e) Cinnfidh an Soláthraí ar an agóid, agus beidh a chinneadh críochnaitheach agus ní bheidh sé faoi réir achomhairc.

6 An Comhad a Thraschur chuig an bPáirtí

Seolfaidh an Soláthraí an comhad ar aghaidh don Phainéal a luaithe is a cheapfar an Painéalaí i gcás Painéil aonchomhalta, nó a luaithe is a cheapfar an Painéalaí deireanach i gcás Painéil de thriúr comhaltaí.

7 Cumhachtaí Ginearálta an Phainéil

- (a) Stiúrfaidh an Painéal an tImeacht ADR ar dhóigh is iomchuí leis i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta. Ní cheanglaítear ar an bPainéal, ach ceadaítear dó de réir mar is rogha leis féin amháin, a chuid imscrúduithe féin a dhéanamh ar imthosca an cháis.
- (b) I ngach cás, cinnteoidh an Painéal go ndéileálfar go cóir agus go cothrom leis na Páirtithe.
- (c) Cinnteoidh an Painéal go dtarlóidh an tImeacht ADR go seiftiúil.
- (d) Cinnfidh an Painéal de réir mar is rogha leis féin amháin inghlacthacht, ábharthacht agus tromachar na fianaise.

8 Ráitis Bhreise

De bhreis ar an nGearán agus ar an bhFreagairt, féadfaidh an Painéal, de réir mar is rogha leis féin amháin, ráitis nó doiciméid bhreise ó cheachtar Páirtí a iarr nó a admháil.

9 Éisteachtaí i bPearsain

Ní bheidh aon éisteachtaí i bpearsain (lena n-áirítear éisteachtaí le teileachomhdháil, le físchomhdháil, agus le comhdháil gréasáin). Déileálfar leis an gcinneadh ar bhonn doiciméad nó chineál eile fianaise i scríbhinn mura rud é go gcinneann an Painéal, de réir mar is rogha leis féin amháin agus mar ábhar imthosca eisceachtúla, go bhfuil gá le héisteacht den sórt sin chun cinneadh ar an nGearán a thabhairt.

10 Mainneachtain

- (a) Sa chás nach gcomhlíonann Páirtí aon cheann de na tréimhsí ama a bhunaítear leis na Rialacha ADR seo nó leis an bPainéal, rachaidh an Painéal i mbun cinnidh ar an nGearán agus féadfaidh sé an neamhchomhlíonadh seo a mheas mar fhorais chun glacadh le héilimh an Pháirtí eile.
- (b) Mura bhforáiltear a mhalairt sna Rialacha ADR seo, mura gcomhlíonann Páirtí aon fhoráil, nó aon cheanglas, de chuid na Rialacha ADR seo, de chuid Rialacha Forlíontacha ADR nó aon iarratas ón bPainéal, bainfidh an Painéal cibé tátal a mheasfaidh sé is iomchuí as sin.

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu
Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

11 Bonn an Chinnidh

- (a) Cinnfidh Painéal Gearán ar bhonn na ráiteas agus na ndoiciméad a cuireadh isteach i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta.
- (b) Más rud é gur Sealbhóir an Ainm Fearainn ar i leith an ainm fearainn a tionscnaíodh an Gearán an Freagraí, beidh cúlghairm an ainm fearainn/na n-ainmneacha fearainn atá faoi dhíospóid de theorainn leis na leigheasanna atá ar fáil de bhun Imeacht ADR nó, más rud é go gcomhlíonann an Gearánach na critéir cháilitheachta ghinearálta maidir le clárúcháin a leagtar amach i Mír 4(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 733/2002, beidh traschur an ainm fearainn/na n-ainmneacha fearainn atá faoi dhíospóid chuig an nGearánach de theorainn leo.
- (c) Is é an príomhleigheas a bheidh ar fáil de bhun Imeacht ADR i gcás gur Clárlann an Freagraí ná an cinneadh atá faoi dhíospóid a ghlac an Chlárlann a chur ar neamhní. Féadfaidh an Painéal a chinneadh i gcásanna iomchuí de bhun na Rialacha Nós Imeachta, an Pholasaí Clárúcháin, Rialacha Sunrise agus/nó na dTearmaí agus na gCoinníollacha go dtraschuirfear, go gcúlghairfear nó go sannfar an tainm fearainn i dtrácht. Maidir le haon chinneadh den Chlárlann, áfach, a bhaineann le réamhcheart a agraíodh le linn na tréimhse clárúcháin céimnithe, ní dheonfaidh an Painéal bearta traschurtha agus sannta den sórt sin ach amháin más rud é gur an chéad iarrthóir eile sa scuaine i leith an ainm fearainn lena mbaineann an Gearánach agus faoi réir chinneadh na Clárlainne go gcomhlíonfar an Gearánach gach critéar clárúcháin a leagtar amach i Rialacháin an Aontais Eorpaigh agus faoi réir ghníomhachtú an ainm fearainn ag an gClárlann ina dhiaidh sin in ainm an Ghearánaigh, ar Gearánach é a bheidh ina chéad iarrthóir eile sa scuaine.
- (d) Eiseoidh an Painéal cinneadh lena ndeonófar na leigheasanna a iarrtar faoi na Rialacha Nós Imeachta sa chás go gcruthaíonn an Gearánach
- (1) in Imeachtaí ADR, i gcás ina sealbhóir ainm fearainn .eu ar ina leith a tionscnaíodh an Gearán an Freagraí
- (i) Gurb ionann an t-ainm fearainn agus ainm ar ina leith a aithnítear nó a bhunaítear ceart ag dlí náisiúnta Ballstáit agus/nó dlí Chomhphobail nó go bhfuil an t-ainm fearainn comhchosúil leis an ainm sin agus; ceachtar den dá cheann seo a leanas
- (ii) Gur chláraigh an Freagraí an t-ainm fearainn gan chearta nó gan leas dlisteanach san ainm; nó
- (iii) Gur cláraíodh an t-ainm fearainn nó go bhfuil úsáid á baint as de mheon mímhacánta.
- (2) in Imeachtaí ADR i gcás gur Clárlann an Freagraí go bhfuil na cinntí atá glactha ag an gClárlann ar neamhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh.
- (e) Léireofar le haon cheann de na himthosca seo a leanas, go háirithe ach d'éagmais teorann, más rud é go gcinneann an Painéal go gcruthaítear iad ar bhonn a mheastóireachta ar an bhfianaise uile a chuirtear faoina bhráid, cearta nó leasanna dlisteanacha an Fhreagraí ar an ainm fearainn chun críocha Mhír B11(d)(1)(ii):
- (1) roimh fhógra ar bith ar an ndíospóid, tá an t-ainm fearainn nó ainm a fhreagraíonn don ainm fearainn i dtaca le hearraí nó seirbhísí a chur ar fáil úsáidte ag an bhFreagraí nó tá ullmhúchán inléirithe déanta aige chun é sin a dhéanamh;
- (2) gaireadh an t-ainm fearainn go coitianta den Fhreagraí, ar Freagraí é atá ina ghnóthas, ina eagraíocht nó ina dhuine nádúrtha, fiú d'éagmais cirt a aithnítear nó a bhunaítear ag dlí náisiúnta agus/nó Comhphobail;
- (3) tá an Freagraí ag baint úsáid dhlísteanaigh agus neamhthráchtála nó chóir as an ainm fearainn, gan intinn aige chun tomhaltóirí a chur amú nó díobháil a dhéanamh do chlú ainm ar ina leith a aithnítear nó a bhunaítear ceart ag dlí náisiúnta agus/nó dlí Comhphobail.

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu
Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

- (f) Chun críocha Mhír B11(d)(1)(iii), féadfar na himthosca seo a leanas, má chinneann an Painéal go bhfuil siad ann, go háirithe ach d'éagmais teorann, a bheith mar fhianaise maidir le clárú nó úsáid ainm fearainn de mheon mímhacánta:
- (1) imthosca a chuireann in iúl gur cláraíodh nó go bhfuarthas an t-ainm fearainn go príomha chun an t-ainm fearainn a dhíol, a ligean ar cíós, nó a thraschur ar dhóigh eile do shealbhóir ainm, ar ina leith a aithnítear nó a bhunaítear ceart ag dlí náisiúnta agus/nó Comhphobail, nó do chomhlacht poiblí; nó
 - (2) cláraíodh an t-ainm fearainn d'fhonn cosc a chur ar shealbhóir ainm den sórt sin ar ina leith a aithnítear nó a bhunaítear ceart ag dlí náisiúnta agus/nó Comhphobail, nó ar chomhlacht poiblí, an t-ainm seo a léiriú in ainm fearainn comhfhreagrach, ar choinníoll
 - (i) go raibh an Freagraí gníomhach i bpatrún iompraíochta den sórt sin; nó
 - (ii) nach raibh úsáid bainte as an ainm fearainn ar dhóigh ábhartha le dhá bliain anuas ar a laghad ón dáta clárúcháin; nó
 - (iii) go bhfuil imthosca ann inar dhearbhaigh an Freagraí, tráth a tionscnaíodh an tImeacht ADR, go raibh sé ar intinn aige úsáid a bhaint as an ainm fearainn, ar ina leith a aithnítear nó a bhunaítear ceart ag dlí náisiúnta agus/nó Comhphobail nó a fhreagraíonn d'ainm comhlachta phoiblí, ar dhóigh ábhartha ach theip air amhlaidh a dhéanamh laistigh de shé mhí ón lá a tionscnaíodh an tImeacht ADR;
 - (3) cláraíodh an t-ainm fearainn go príomha chun cur isteach ar ghníomhaíochtaí gairmiúla iomaitheora; nó
 - (4) baineadh úsáid as an ainm fearainn go toiliúil chun úsáideoirí Idirlín a mhealladh, chun gnóthachain airgeadais, chuig suíomh gréasáin nó suíomh eile ar líne an Fhreagraí, trí dhóchúlacht mhearbhaill maidir le hainm ar ina leith a aithnítear nó a bhunaítear ceart, ag dlí náisiúnta agus/nó Comhphobail, a chruthú, nó is ainm comhlachta phoiblí é, agus tagann dóchúlacht den sórt sin i dtaobh fhoinse, urraíocht, chleamhnacht nó fhorhuiniú shuíomh gréasáin nó shuíomh earra nó seirbhíse ar shuíomh gréasán nó suíomh an Fhreagraí; nó
 - (5) is ainm pearsanta nach bhfuil nasc inléirithe ann idir an Freagraí agus an t-ainm fearainn a cláraíodh an t-ainm fearainn

12 Cinnteoireacht agus Foirm Cinntí

- (a) Beidh cinntí na bPainéalaithe críochnaitheach, ní bheidh siad faoi réir achomhairc, agus beidh siad éigeantach do na Páirtithe, gan dochar a dhéanamh do cheart na bPáirtithe imeacht cúirte a thionscnamh i gComhdhlínse a mbeidh iarmhairtí aici maidir le cur i bhfeidhm an chinnidh mar a thuiriscítear sna Téarmaí agus Coinníollacha.
- (b) Seolfaidh an Painéal a chinneadh i leith an Ghearáin ar aghaidh don Soláthraí laistigh d'aon mhí ón bhFreagairt atá comhlíontach ó thaobh riaracháin de a fháil ag an Soláthraí nó ó dhul in éag na tréimhse ama maidir lena chur isteach.
- (c) I gcás Painéil de thriúr comhaltaí, déanfar cinneadh an Phainéil trí thromlach simplí.
- (d) Beidh cinneadh an Phainéil i scríbhinn, agus soláthróidh sé na fáthanna ar a mbunaítear é, cuirfidh sé an dáta ar a ndearnadh é in iúl agus sainaitheoidh sé ainm(neacha) an Phainéalaí/na bPainéalaithe. Má chinneann an Painéal an t-ainm fearainn atá faoi dhíospóid a chúlghairm nó a thraschur chuig an nGearánach, luafaidh sé go gcuirfear an cinneadh i bhfeidhm ag an gClárlann laistigh de thríocha (30) lá ón gcinneadh a chur in iúl do na Páirtithe, mura rud é go dtionscnaíonn an Freagraí imeachtaí cúirte i gComhdhlínse (féach Mír B12(a) agus Mír B14).
- (e) Beidh cinntí Painéil i gcomhréir le ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach i Rialacha Forlíontacha ADR an tSoláthraí.

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu **Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")**

- (f) Má bhaineann an Painéal de tháil as nach laistigh de raon feidhme Rialacháin (CE) Uimh. 874/2004 an díospóid, luafaidh sé amhail.
- (g) Más rud é go bhfuil an méid seo a leanas déanta ag an nGearánach
- (1) go bhfuil sé cruthaithe aige gurb ionann an t-ainm fearainn agus ainm ar ina leith a aithnítear nó a bhunaítear ceart ag dlí náisiúnta Ballstáit agus/nó dlí Comhphobail nó ainm comhlachta phoiblí nó go bhfuil an t-ainm fearainn comhchosúil leis na hainmneacha sin
 - (2) gur theip air easpa ceart agus leasanna dlisteanacha an Fhreagraí, mar a shonraítear i Mír B11(d)(1)(ii) de na Rialacha ADR seo a chruthú; agus
 - (3) gur bhain sé feidhm as Mír B11(f)(2)(iii) de na Rialacha ADR seo chun meon mímhacánta a chruthú; agus
 - (4) gur theip air meon mímhacánta a chruthú ar aon fhorais eile;
- eiseoidh an Painéal cinneadh eatramhach lena leagfar amach a thorthaí ar shaincheisteanna (1) go (4) thuas agus cuirfidh sé an t-imeacht ar fionraí go dtí dáta sé mhí i ndiaidh Am an Chomhdaithe. I gcás den sórt sin (agus más rud nach gcuirfeadh an Freagraí fianaise d'úsáid ábhartha faoin dáta curtha siar agus go gcruthódh an Gearánach an chuid eile de na heilimintí a cheanglaítear ag Mír B11(f)(2)(iii)), cinnfidh an Painéal cé acu an ndeonófar nó nach ndeonófar an leigheas a iarrtar ag an nGearánach. Faoi gach imthoisc eile, rachaidh an Painéal i mbun cinnidh gan trácht do Mhír B11(f)(2)(iii).
- Ní mór go mbeidh dearbhú comhláine agus cruinnis ag gabháil leis an bhfianaise uile a chuirtear isteach ag an bhFreagraí agus ní mór é a thabhairt don Ghearánach. Beidh ceart ag an nGearánach freagairt d'fhianaise an Fhreagraí a chur isteach laistigh de chúig lá dhéag (15) ón bhfianaise a fháil.
- (h) Más rud é, tar éis dó na taiscthí a chur san áireamh, go gcinneann an Painéal gur tionscnaíodh an Gearán de mheon mímhacánta, fógróidh an Painéal ina chinneadh gur tionscnaíodh an Gearán de mheon mímhacánta agus gur mí-úsáid ar imeacht riaracháin é.
- (i) Beidh achoimre gairid i mBéarla i ngach cinneadh Painéil i gcomhréir leis na treoirlínte a ullmhaítear ag an Soláthraí.

13 Cinneadh a Chur in Iúl do Pháirtithe

- (a) Laistigh de thrí (3) lá Oibre ón gcinneadh críochnaitheach a fháil ón bPainéal, cuirfidh an Soláthraí téacs iomlán an chinnidh in iúl do cheachtar Páirtí, don Chláraitheoir/do na Cláraitheoirí lena mbaineann agus don Chlárlann.
- (b) Foilseoidh an Soláthraí an cinneadh iomlán ar shuíomh gréasáin atá ar fáil go poiblí.

14 Cinneadh a Chur i bhFeidhm

Cloífidh cur i bhfeidhm an chinnidh leis na Téarmaí agus na Coinníollacha.

ADR.eu - . Réiteach Malartach Díospóidí .eu
Rialacha Réiteach Malartach Díospóidí .eu (na "Rialacha ADR")

C FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

1 Dliteanas a Eisiamh

Ach amháin i gcás éagóra de bhun tola, ní bheidh an Soláthraí ná Painéalaí faoi dhliteanas ag Páirtí i leith aon ghnímh nó neamhghnímh i dtaca le haon Imeacht ADR faoi na Rialacha ADR seo.

2 Leasuithe

Beidh feidhm ag an leagan de Rialacha ADR seo atá i bhfeidhm tráth an Gearán a chur faoi bhráid an tSoláthraí maidir leis an Imeacht ADR a thionscnaítear dá bharr sin. Féadfaidh an Soláthraí na Rialacha ADR seo a leasú aon am i ndiaidh réamh-fhormheas scríofa na Clárlainne a fháil.

3 Dáta Éifeachtach

Beidh feidhm ag na Rialacha ADR seo maidir le gach Gearán a chomhdaítear ar nó i ndiaidh an 1 Feabhra 2010.